

Foirm SDR 3E Foirm Tuairisceáin Féinmheasúnaithe Dleachta Stampa ar Léasanna Cónaithe



Le comhlánú ag tionóntaí a bhfuil maoin chónaithe ar cíós acu nach n-íocann cáin ioncaim ach amháin tríd an gcóras ÍMAT

* Is réimse riachtanach é seo

**Ainm an tionónta atá ag
tíolacadh an tuairisceáin ***

Uimhir tagartha cánach an tionónta (féach Nóta 2) *

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Maoin ar léas

Líne 1 den Seoladh *

Líne 2 den Seoladh *

Líne 3 den Seoladh

Contae *

Eircode

--	--	--

--	--	--	--	--

Uimhir teagmhála fóin an tionónta:

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Ainm an tiarna talún (Nóta 3) *

Uimhir tagartha cánach an tiarna talún *

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

An bhfuil tiarnaí talún eile ann? *

Tá

Níl

Má tá, cuir na sonraí breise ar fáil ar leathanach 3

An bhfuil tionóntaí eile ann? *

Tá

Níl

Má tá, cuir na sonraí breise ar fáil ar leathanach 3

Dáta an léasa *

L	L		M	M		B	B	B	B
---	---	--	---	---	--	---	---	---	---

Téarma an léasa *

B	B
---	---

M	M
---	---

An bhfuil Clásal ar Athbhreithniú ar Chíos sa léas (Nóta 4)? *

Tá

Níl

* Is réimse riachtanach é seo

Léas bliana amháin nó níos faide

Suim an mheánchíosa bhliantúil (Nóta 5)

€ , .

Léas níos giorra ná aon bhliain amháin

Iomlán an chíosa iníoctha

€ , .

An bhfuil préimh iníoctha (Nóta 6) *

Tá Níl

Má tá, céard í an tsuim iníoctha

(1% den phréimh ar an gcéad €1 milliún agus 2% ar an iarmhéid)

€ , .

Cíos margaidh atá sa chíos a íoctar (Nóta 7) *

Is ea Ní hea

Sa chás nach cíos margaidh é an cíos:

Cuir isteach an cíos margaidh bliantúil

€ , .

Líon na gContrapháirteanna (Nóta 8)

Tá tú i dteideal faoiseamh ó Dhleacht Stampa a éileamh má chomhlíonann tú coinníollacha áirithe – tá na coinníollacha leagtha amach sna nótaí míniúcháin

Má tá tú i dteideal ceann amháin de na faoisimh sa liosta a éileamh, cuir isteach sa bhosca cuí le léiriú cé eatarthu atá an léas:

(a) Céilí (Nóta 9)

(b) Páirtnéirí Sibhialta (Nóta 10)

Dlíteanas Dleachta Stampa (Nóta 11) *

€ , .

An íocfar an dlíteanas le Ríomhaistriú Airgid? (Nóta 12) *

Íocfar Ní íocfar

Dearbhú

DEARBHAÍM, feadh m'eolais agus mo thuairime, gurb éard atá sa tuairisceán seo ná tuairisceán ceart de réir fhorálacha an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999

Cuir isteach sa bhosca *

Dáta

Sa chás go bhfuil tionóntaí/tiarnaí talún breise ann, ní mór sonraí a chur ar fáil

Tionónta(i) breise

Ainm

Uimhir tagartha cánach

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Ainm

Uimhir tagartha cánach

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Ainm

Uimhir tagartha cánach

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Ainm

Uimhir tagartha cánach

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Ainm

Uimhir tagartha cánach

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Tiarna(i) talún breise

Ainm

Uimhir tagartha cánach

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Ainm

Uimhir tagartha cánach

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Nótaí Míniúcháin

1. Baineann Dleacht Stampa le léasanna atá i scríbhinn. Más mó an meánchíos bliantúil ar léas cónaithe i scríbhinn ná €40,000, tá ceangal ort Dleacht Stampa a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.* Chun é seo a dhéanamh, ní mór duitse (nó duine de na tionóntaí eile, má tá níos mó ná duine amháin acu ann) an tuairisceán Dleachta Stampa seo a íoc agus an Dleacht Stampa a íoc le Ríomhaistriú Airgid (Féach Nóta 12).

* Má síníodh an léas roimh 25 Nollaig 2017, tá ceangal ort Dleacht Stampa a íoc más mó an meánchíos bliantúil ar an léas ná €30,000.
2. Má tá níos mó ná tionónta amháin ann, tá ceangal ort a n-ainm agus a n-uimhir tagartha cánach a chur ar fáil. Déan é seo ar leathanach 3. [Tabhair do d'aire: tá an ceangal seo luaite sna Rialacháin Dleachta Stampa (Ríomhstampáil Ionstraimí agus Féinmheasúnú) 2012.]
3. Má tá níos mó ná tiarna talún amháin ann, tá ceangal ort a n-ainm agus a n-uimhir tagartha cánach a chur ar fáil. Déan é seo ar leathanach 3. [Tabhair do d'aire: tá an ceangal seo luaite sna Rialacháin Dleachta Stampa (Ríomhstampáil Ionstraimí agus Féinmheasúnú) 2012.]
4. Clásal ar Athbhreithniú ar Chíos. Má tá clásal sa léas i scríbhinn trína bhforáiltear d'athbhreithniú ar chíos ag dáta amach anseo, cuir isteach ag 'Tá'. Seachas sin, cuir isteach ag 'Níl'.
Tá dleacht sheasta €12.50 ar clásal athbhreithniú ar chíos i léas i scríbhinn.
5. Ba chóir duit an meánchíos bliantúil a chur isteach.

Samplaí

- a. Léas bliana amháin le cíós €4,000 sa mhí;
ba chóir duit €48,000 a chur isteach sa bhosca ($€4,000 \times 12$).
 - b. Léas 18 mí le cíós €3,500 sa mhí;
ba chóir duit €42,000 a chur isteach sa bhosca ($(€3,500 \times 18 = €63,000) \times 12 / 18$)).
 - c. Léas trí bliana le cíós €36,000 sa chéad bhliain, €42,000 sa dara bliain agus €45,000 sa tríú bliain;
ba chóir duit €41,000 a chur isteach sa bhosca ($(€36,000 + €42,000 + €45,000) / 3$).
 - d. Léas 8 mí le cíós €5,500 sa mhí;
ba chóir duit €44,000 ($€5,500 \times 8$) a chur isteach sa bhosca.
6. Féadfaidh sé go bhfuil foráil sa léas le haghaidh préimh a íoc nó "airgead na coise isteach" sa bhreis ar an gcíós. Tá Dleacht Stampa iníoctha air seo chomh maith. Ní préimh é cíós atá iníoctha roimh ré. Sa chás go ngearrtar préimh, tá Dleacht Stampa iníoctha ag ráta 1% ar an gcéad €1 milliún agus 2% ar shuimeanna os cionn €1 milliún.
 - a. Foráiltear leis an léas le haghaidh préimh €10,000 a íoc;
tá Dleacht Stampa iníoctha ag 1% = €100.
 - b. Foráiltear leis an léas le haghaidh préimh €1,750,000;
Tá Dleacht Stampa €25,000 iníoctha
(€1 milliún ag 1% = €10,000 móide €750,000 ag 2% = €15,000).

7. An ionann an cíós a íocadh agus cíós iomlán margaidh? Uaireanta féadfaidh sé go bhfuil bronntanas i gceist leis an gcíós. Mar shampla, féadfaidh sé go bhfuil cíós laghdaithe á ghearradh ag tiarna talún atá gaolta leis an tionónta. Sa chás nach cíós de luach margaidh an cíós atá á íoc ar an maoin, ba chóir duit a chur isteach sa bhosca 'Ní hea': seachas sin chuir isteach sa bhosca 'Is ea'. Sa chás nach cíós de luach iomlán margaidh atá sa chíós a íoctar, beidh suim bhreise Dleachta Stampa dlite ar chuid an bhronntanais agus déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim teagmháil leat má tá aon Dleacht Stampa bhreise le híoc.

8. Is minic go ndrúchtaítear léasanna in dhá bhunchóip. Tá sé seo amhlaidh toisc gur mian leis an tiarna talún agus leis an tionónta bunchóip shínithe a bheith acu.

Nuair atá dhá bhunchóip ann, íoctar Dleacht Stampa iomlán ar cheann díobh. Tugtar Contrapháirt ar an dara bunchóip. Tá Dleacht Stampa €12.50 ar Chontrapháirt. Más mian leat contrapháirt a stampáil, cuir 1 isteach sa bhosca seo.

Má dhrúchtaítear an léas in níos mó ná dhá bhunchóip, cuir isteach líon na gContrapháirteanna sa bhosca seo: mar shampla, má tá sé bhunchóip ann, cuir 5 isteach sa bhosca seo.

9. Tá díolúine ó Dhleacht Stampa i gceist le léasanna maoiné idir céilí. Má tá duine eile ina pháirtí don léas, áfach, níl feidhm leis an díolúine.

10. Tá díolúine ó Dhleacht Stampa i gceist le léasanna maoiné idir páirtneirí sibhialta. Má tá duine eile ina pháirtí don léas, áfach, níl feidhm leis an díolúine.

11. Ríomh an tsuim iomlán iníoctha, arb é atá ann ná iomlán an suim seo a leanas:

- 1% den mheánchíós bliantúil, (an ráta ná 1% nuair atá téarma an léasa níos giorra ná 35 bliain, nó más léas éiginnte atá ann) móide
- an dleacht ar an bpréimh, más ann di (1% ar an gcéad €1 milliún agus 2% ar an iarmhaid), móide
- €12.50 má tá clásal ar athbhreithniú ar chíós sa léas, móide
- €12.50 ar gach Contrapháirt.

12. Roinnt bheag laethanta tar éis duit d'Fhoirm chomhlánaithe a uaslódáil, seolfaidh muid Uimhir Aitheantais Doiciméid chugat. Nuair atá an uimhir seo agat, ba chóir duit an Dleacht Stampa a íoc le Ríomhaistriú Airgid. Nuair atá tú ag íoc le Ríomhaistriú Airgid, cuir isteach Uimhir Aitheantais an Doiciméid sa bhosca tagairtí / réimse tagairtí ar do threoir íocaíochta chuig do bhanc.

Tá sé an-tábhachtach go gcuireann tú san áireamh Uimhir Aitheantais an Doiciméid. Mura gcuireann, cuirfear moill ar d'íocaíocht a mheaitseáil le do thuairisceán.

Féadtar íocaíochtaí Dleachta Stampa a íoc le Ríomhaistriú Airgid chuig cuntas na gCoimisinéirí Ioncaim:

Is iad seo sonraí an chuntais:

Office of the Revenue Commissioners – Stamps EFT – Public Bank Account

Danske Bank
Teach Idirnáisiúnta
3 Plás Mháistir an Chuain
IFSC
Baile Átha Cliath 1

BIC: DABAIE2D

IBAN: IE55DABA95159910003557

Tabhair do d'aire go bhféadann bainc táille a ghearradh as ucht an Ríomhaistriú Airgid a phróiseáil.

Fabhróidh táillí tíolactha agus íocaíochta déanaí mura ndéantar íocaíocht taobh istigh de 44 lá tar éis an léas a bheith forghníomhaithe den chéad uair (sínithe, séalaithe, nó an dá rud). Beidh formhuirear 5% den dleacht i gceist (suas le huasmhéid €12,695) má dhéantar an tuairisceán suas le dhá mhí déanach, ina dhiaidh sin méadaíonn an formhuirear go 10% den dleacht (suas le huasmhéid €63,485). Fabhraíonn ús ag ráta 0.0219% sa lá go dtí go n-íoctar an dleacht. Ní eiseofar an dleacht stampa go dtí go n-íoctar an tsuim dhlite, lena n-áirítear aon táillí tíolactha agus íocaíochta déanaí a fhéadann a bheith i gceist.

Mura gcomhlánaíonn tú an Fhoirm ina hiomláine nó má chuireann tú uimhreacha tagartha cánach míchearta san áireamh, diúltóidh muid don Fhoirm agus seolfaidh muid ar ais chugat é lena críochnú/ lena ceartú. Féadfaidh na moilleanna a bheith ina chúis le táillí tíolactha agus íocaíochta déanaí sa chás go bhfuil siad ina chúis le híocaíocht gan a bheith déanta taobh istigh de 44 lá den léas a fhorghníomhaíodh den chéad uair (sínithe, séalaithe, nó an dá rud).

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Príobháideachtas** ar www.revenue.ie ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.

Séanadh Dlíthiúil

Tá an treoir seo ceaptha le cur síos a dhéanamh ar an ábhar i dtéarmaí ginearálta. Mar sin, ní dhéantar iarracht inti gach ceist a chlúdach a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis an ábhar. Níl sí ceaptha a bheith ina léirmhíniú dlíthiúil ar na forálacha reachtúla agus mar sin, ní fhéadtar glacadh le haon dlíteanas a thabhaítear nó caillteanas a fhulaingítear mar thoradh ar bheith ag brath ar aon ábhar atá foilsithe istigh anseo.